An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An tSraith Shóisearach

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

AN TEASTAS SÓISEARACH

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is í aidhm ghinearálta an oideachais cur le forbairt gach gné den duine lena n-áirítear forbairt aeistéitiúil, chruthaitheach, chriticiúil, chultúrtha, mhothúchánach, intleachtúil, mhórálta, fhisiciúil, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta le haghaidh an tsaoil phearsanta agus teaghlaigh, le haghaidh an tsaoil oibre, le haghaidh maireachtáil i bpobal agus le haghaidh fóillíochta.

2. Dearadh Clár an Teastais Shóisearaigh chun freastal ar riachtanais gach dalta in iar-bhunscoileanna. Dá réir sin, tá rogha ag an dalta idir dhá leibhéal, ardleibhéal agus gnáthleibhéal, i ngach ábhar. I gcás Béarla, Gaeilge agus Matamaitic, tá bonnleibhéal ar fáil freisin.

3. Tá sé d'aidhm ag Clár an Teastais Shóisearaigh

   - an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a d'fhoghlaim an duine óg sa bhunscoil a dhaingniú agus a fhorbairt;
   - raon agus cáilíocht eispéireas oideachais an duine óig a leathnú agus a dhoimhniú ó thaobh eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí de;
   - muinín phearsanta agus shóisialta, tionscnacht agus inniúlacht an duine óig a fhorbairt trí oideachas ginearálta leathan, dea-chothromaithe;
   - an duine óg a ullmhú do riachtanais chláir bhreise staidéir, riachtanais fostaíochta nó riachtanais an tsaoil lasmuigh den oideachais lánaimseartha;
   - cur le forbairt mhorálta agus spioradálta an duine óig agus caoinfhulaingt agus meas ar luachanna agus tuairimí daoine eile a fhorbairt;
   - an duine óg a ullmhú do fhreagrachtaí na saoránachta sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs níos leithne phobail na hEorpa agus na cruinne.

4. Tá Clár an Teastais Shóisearaigh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

   Leithne agus cothromaíocht

   Faoin am seo ina gcuid scolaíochta ba cheart go mbeadh réimse leathan eispéireas oideachais ag na daltaí go léir. Ní mór aird faoi leith a thabhairt do dhaingniú agus d'fhorbairt scileanna uimhearthachta, litearthachta agus labharthachta.

   Ba cheart béim ar leith a chur ar oideachas sóisialta agus imshaoil, mar aon leis an eolaíocht, teicneolaíocht agus na nuatheangacha.

   Ábharthacht

   Ba cheart go dtabharfadh soláthar curaclaim aghaidh ar riachtanais láithreacha agus ionchasacha an duine óig, i gcomhthéacs na timpeallachta cultúir, eacnamúla agus sóisialta.

   Cáilíocht

   Ba cheart go dtabharfaí dúshlán do gach duine óg na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach, ag tabhairt airde mar is fiú ar infheidhmeachtaí agus ar chumais dhrifriúla, agus ar chomparáidí idirnáisiúnta.

5. Cuirtear gach Siollabas Teastais Shóisearaigh i láthair le cur i bhfeidhm laistigh de chomthéacs ginearálta an churaclaim a bhfuil cur síos déanta air thuas.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE

AN tSRAITH SHÓISEARACH

CLÁR

RÉAMHRÁ

1. Réasúnaíocht 3

2. Aidhmeanna 4

3. OSPS sa scoil 5

3.1 An scoil uile 5

3.2 Ról an phríomhoide 5

3.3 Tráthchlárú 6

3.4 Tacaíocht traschuraclaim 6

3.5 Bunluachanna 6

3.6 Riachtanais na ndaltaí 6

3.7 Múinteoirí OSPS 6

3.8 Naisc idir an baile agus an scoil 7

4. Cláir OSPS ag leibhéal an iar-bhunoideachais

4.1 An soláthar reatha 8

4.2 Curaclam cumasúcháin 8

4.3 Oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) 8

5. Measúnacht agus teistiúchán an OSPS 9

6. Struchtúr cláir OSPS 10

7. Clár OSPS a phleanáil 11

Foramharc ar bhliain 1 12

Modúil do bhliain 1 . . . . . **14**

Foramharc ar bhliain 2 28

Modúil do bhliain 2 . . . . . **30**

Foramharc ar bhliain 3 42

Modúil do bhliain 3 . . . . . **44**

1. RÉASÚNAÍOCHT DON OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS)

Is é aidhm ghinearálta an oideachais cur le forbairt gach gné an duine na gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, breithiúnacha, cultúrtha, tochtacha, bríomhara agus intleachtúla, na gnéithe a bhaineann le saol pearsanta, saol an teaghlaigh, saol na hoibre agus saol i measc an phobail, agus na gnéithe a bhaineann le scíth a bheith curtha san áireamh.

Is as aidhm iomlánaíoch seo an oideachais agus as a bunfhís den duine a thagann an tiomantas i leith an oideachais i réimse na forbartha pearsanta agus sóisialta. Tá fís iomlánaíoch i leith na sláinte taobh thiar dá leithéid de thiomantas freisin – fís a chuimsíonn gnéithe fisiceacha, intinne, mothúchánacha, spioradálta, sóisialta agus timpeallachta, agus an t-idirghníomhú chasta idir na gnéithe sin uile a chuireann leis an dea-bhraistint phearsanta agus le caidrimh idirphearsanta dhearfacha.

Toisc na físe iomlánaíche sin den duine, atá i gcroílár ár dtuisceana ar an oideachas agus ar an tsláinte, aithnítear go mbaineann an tábhacht chéanna leis an oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte a sholáthraítear don aos óg agus a bhaineann le réimse ar bith eile den churaclam. Díreach mar a chuireann tacaíocht don fhorbairt phearsanta agus sóisialta leis an bhféinsásamh, is réamhriachtanas é don fhoghlaim rathúil freisin: is mó seans go mbeidh duine óg lena mbaineann ardleibhéal féinfhiúntais agus sábháilteachta, mar aon le féiníomhá dhearfach, ar a s(h)uaimhneas maidir le saol na scoile agus leis an éagsúlacht suíomh foghlama a thairgtear ansin. Aithneoidh sé/sí go mbíonn baint idir stíl bheatha, timpeallacht, agus cúrsaí sláinte agus folláine, agus go bhfuil dúshlán ann tacú le roghanna pearsanta, teaghlaigh agus beartais a chothaíonn gach gné den tsláinte.

Tugann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) deis ar leith do dhaltaí a gcuid scileanna agus a gcuid inniúlachtaí a fhorbairt chun foghlaim fúthu féin agus chun aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile, agus cinntí feasacha a dhéanamh maidir lena sláinte, a saol pearsanta agus a bhforbairt shóisialta. Is i gcomhthéacs an mhórphobail is gá na cinntí sin ar fad a dhéanamh. Chun clár rathúil scoile OSPS a chur i bhfeidhm beidh tacaíocht an Bhoird Bhainistíochta ag teastáil, mar aon le tacaíocht an mhórphobail agus tacaíocht ó thuismitheoirí go speisialta. Le tacaíocht dá leithéid a bheith ar fáil, is féidir na daltaí a chumasú chun páirt a ghlacadh i ngnéithe pearsanta agus sóisialta na sochaí mar aosaigh ghníomhacha fhreagracha, agus chun cinntí iontaofa a dhéanamh a léiríonn meas ar a ndínit féin agus ar dhínit daoine eile.

2. AIDHMEANNA AN OSPS

Ag cur le haidhmeanna an OSPS sa bhunscoil, is é aidhm an OSPS ag leibhéal an iar-bhunoideachais

- **cur ar chumas na ndaltaí scileanna a fhorbairt don fhéin-chomhlíonadh agus chun maireachtáil i bpobail**
- **an féinmheas agus an féinmhuinín a chothú**
- **cur ar chumas na ndaltaí creat a fhorbairt ar mhaithe leis an gcinnteoireacht fhreagrach**
- **deiseanna a sholáthar don mhachnamh agus don díospóireacht**
- **sláinte agus folláine fhisiceach, intinne agus mhothúchánach a chothú**

3. OSPS SA SCOIL

3.1 AN SCOIL UILE

Tá impleachtaí ag na próisis teagaisc agus foghlama uile don fhorbairt phearsanta agus shóisialta. Is bunchloch i bhforbairt phearsanta agus shóisialta na scoile iad na bealaí a réitíonn na baill foirne le chéile agus leis na daltaí, agus cáilíocht an chaidrimh i measc na ndaltaí féin. Dá réir sin, chuir agus cuireann gach múinteoir agus ball foirne, gach rang agus gníomhaíocht seach-churaclaim deiseanna ar fáil chun forbairt phearsanta agus shóisialta an dalta a fheabhsú.

Tá timpeallacht thacúil scoile ríthábhachtach má tá OSPS le bheith éifeachtach. I dtimpeallacht dá leithéid:

- mothaíonn daoine go bhfuil fiúntas ag baint leo
- cothaítear an féinmheas
- bíonn sé soiléir go bhfuil meas, caoinfhulaingt agus cothroime ann
- cothaítear tnútháin arda agus ardchaighdeáin
- cuirtear tacaíocht ar fáil dóibh siúd a mbíonn deacrachtaí acu
- is í an chumarsáid oscailte an norm
- aithnítear díocas oibre agus cúitítear é
- bíonn meas ar an uathúlacht agus ar an éagsúlacht
- déileáiltear leis an gcoinbhleacht ar bhealach cuiditheach
- spreagtar an tionscantacht agus an chruthaitheacht
- cothaítear luachanna sóisialta, morálta agus saoránachta

Caithfidh prionsabail maidir le cothroime, le meas, le caoinfhulaingt agus leis an díocas oibre a chúiteamh a bheith i réim i ngach gné de thimpeallacht na scoile; ní fheileann sé iad a roinnt ina ranna ar leith san OSPS. Is gnó do phobal na scoile uile é meas a chothú ar an bhfoghlaim, ar an duine féin agus ar dhaoine eile, agus tuiscint ar mhuintearas agus ar an bhfreagracht shóisialta. Féadfaidh an soláthar curaclaim don OSPS cur le timpeallacht thacúil scoile, agus tairbhe a bhaint aisti freisin. Baintear go mór d'éifeachtúlacht cláir OSPS ar bith áfach má bhíonn leithéidí na bprionsabal thuasluaite in easnamh ar thimpeallacht na scoile uile.

Anuas ar na tosca sin i gcás na scoile uile, tá tosca comhthéacsúla agus timpeallachta ann a mbíonn tionchar acu ar an oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte. D'fhéadfadh cúlra socheacnamaíoch na ndaltaí chomh maith lena dtimpeallacht fhisiceach agus chultúrtha dul i bhfeidhm go mór ar raon na roghanna a bheadh ar fáil do na daltaí. Is cóir do na scoileanna an aird chuí a thabhairt ar na tosca comhthéacsúla sin ina gcuid pleanála don oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte.

3.2 RÓL AN PHRÍOMHOIDE

Is toisc shuntasach í an cheannaireacht a thugann an príomhoide i dtimpeallacht thacúil a chothabháil don OSPS i scoil. Is é/í an príomhoide a chuireann bunéirim na scoile i láthair; téann a c(h)uid cinntí agus a c(h)uid tosaíochtaí siúd i bhfeidhm go díreach ar thimpeallacht na scoile i gcoitinne. I dteannta le ceannas an phríomhoide a thugtar ar leibhéal pearsanta agus proifisiúnta, feictear an tosaíocht a thugann an Bord Bainistíochta don OSPS i bplean na scoile mar ráiteas soiléir tacaíochta ag leibhéal polasaí. Tá tiomantas agus

síorthacaíocht príomhoidí agus Bord Bainistíochta taobh thiar de chuid mhaith de na cláir shármhaithe OSPS atá ann faoi láthair.

Beidh an meas agus an fiúntas atá ann i leith an OSPS sa scoil á léiriú agus le léamh ar an tráthchlárú a dhéantar ar an gclár, ar na múinteoirí a dháiltear air agus ar na hacmhainní a sholáthraítear dó.

3.3 TRÁTHCHLÁRÚ

Dearbhaíonn Ciorclán M20/00 gur coibhéis tréimhse amháin scoile in aghaidh na seachtaine an leithdháileadh ama atá molta, agus é sin a eagrú sa tslí is fearr a fhónann do riachtanais na ndaltaí agus eagrú na scoile.

Is i gcomhthéacs leithdháilte dá leithéid a ullmhaíodh an curaclam seo.

3.4 TACAÍOCHT TRASCHURACLAIM

Cuimhnigh i gcónaí go bhfuil an-fhiúntas le baint as an tacaíocht traschuraclaim maidir le gnéithe an chláir OSPS, agus maidir leis na luachanna agus an meon a bhíonn á gcothú ag an OSPS. D'fhéadfadh sé go mbeadh topaicí de chuid OSPS á gclúdach in ábhair ar nós an oideachais reiligiúin, na heolaíochta agus na heacnamaíochta baile; ach i bhfianaise an tsoláthair roghanna laistigh den tsraith shóisearach agus shinsearach ag an dara leibhéal, agus i bhfianaise an chuir chuige mhodheolaígh atá i gcroílár an OSPS, ba cheart gur sa tréimhse ranga shonraithe a bheadh príomhfhócas an chláir. Tá ról ar leith ag an OSPS i gcothú na sláinte agus tá tréimhse ama sonraithe de dhíth air chun an fheidhm sin a chomhlíonadh.

3.5 BUNLUACHANNA

Tá obair déanta ag go leor scoileanna ar phlean scoile nó ar ráiteas misin a fhorbairt ina leagtar amach na bunluachanna ar a bhfuil beartas na scoile bunaithe. I roinnt scoileanna, cuireadh ráiteas beartais dá leithéid ina láthair trí fheidhmiú an oideachais chaidrimh agus ghnéasachta. Is cinnte go mbeidh gach gné de shaol na scoile faoi anáil na gcroíluachanna a dhearbhaítear sa phlean scoile; ach beidh baint ar leith acu le clár OSPS na scoile.

3.6 RIACHTANAIS NA NDALTAÍ

Níor mhór an OSPS a mheas sa chomhthéacs ina mbíonn na daltaí agus i gcomhthéacs an milieu sóisialta agus cultúrtha ina mbunaíonn siad caidrimh agus ina ndéanann said cinntí agus roghanna, milieu atá ag athrú. Cé gur cheart réimsí uile an churaclaim a bheith ábhartha do na daltaí, mar phrionsabal, tá impleachtaí ar leith leis sin i gcás an OSPS. Ba cheart na daltaí a spreagadh chun an comhthéacs síorathraitheach sin a scrúdú go criticiúil, agus ba cheart na scileanna a thabhairt dóibh lena gcumasú 'to participate fully and creatively in their communities' (*Charting our Education Future*, lch.10.)

3.7 MÚINTEOIRÍ OSPS

Toisc na tábhachta a bhaineann le timpeallacht na scoile uile do rathúlacht an OSPS, is léir ar go leor bealaí gur múinteoir OSPS é gach múinteoir sa scoil. Bíonn freagracht ar leith ar, agus tacaíocht ar leith de dhíth ar na múinteoirí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár OSPS. Ní mór tuiscint agus taithí a bheith ag na múinteoirí a dháiltear ar an OSPS ar na modheolaíochtaí a ghabhann leis an réimse oideachais seo. Níor cheart an OSPS a leagan ar mhúinteoirí gan dul i gcomhairle leo ina thaobh. Bíonn dúshláin ag gabháil le gach cineál múinteoireachta, ach gabhann dúshlán ar leith le clár OSPS a mhúineadh, dúshlán a éilíonn réimse leathan scileanna agus ardleibhéal íogaireachta. Beidh síorthacaíocht ag teastáil ó na múinteoirí sin atá ag plé leis an gclár OSPS óna gcomhghleacaithe, ón bpríomhoide agus ón mBord

Bainistíochta agus ó réimse gníomhaireachtaí eile atá in ann tacaíocht ionghairme a sholáthar.

Beidh gá le dlúthnaisc idir an córas tréadchúraim i scoil agus iad siúd atá ag plé le múineadh an OSPS. Tá scoileanna ann ina mbunaítear na naisc sin ar bhonn foirmeálta trí mhúineadh an OSPS a áireamh i ról an teagascóra ranga.

Beidh géarghá le cumarsáid agus comhoibriú pleanáilte eatarthu siúd atá ag plé leis an OSPS agus lucht treorach na scoile ar mhaithe le héifeachtúlacht OSPS agus cúrsaí treorach na scoile araon.

3.8 NAISC IDIR AN BAILE AGUS AN SCOIL AGUS OSPS

Bíonn ról ríthábhachtach ag na naisc idir an baile agus an scoil maidir leis an tacaíocht a thugtar d'iarrachtaí tuismitheoirí agus caomhnóirí sa bhaile agus d'obair na múinteoirí sa rang scoile. Baineann tábhacht ar leith leis na naisc áirithe sin don OSPS.

Bíonn naisc leanúnacha dea-struchtúrtha le saol na ndaltaí lasmuigh den seomra ranga agus lasmuigh den scoil de dhíth ar an scoil, naisc a thosaíonn le cruinnithe réamhiontrála sula dtosaíonn dalta sa scoil. D'fhéadfadh naisc dá leithéid bonn faisnéise a sholáthar don chlár OSPS, agus cabhrú le múinteoirí ord tosaíochta a chinneadh maidir leis na modúil. D'fhéadfadh na naisc sin straitéisí a sholáthar do thuismitheoirí maidir le tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile sa chlár OSPS. Féadfaidh naisc struchtúrtha leanúnacha cuidiú le clár OSPS atá ábhartha do na daltaí agus do thnútháin a dtuismitheoirí agus a gcaomhnóirí.

4. CLÁIR OSPS AG LEIBHÉAL AN IAR-BHUNOIDEACHAIS

4.1 AN SOLÁTHAR REATHA

Is léir go bhfuil an-bhorradh spéise le blianta beaga anuas i ngnéithe an churaclaim scoile i gcoitinne. Tá ag méadú i gcónaí ar an líon scoileanna a aithníonn, má tá siad chun freastal ar aidhm iomlánaíoch an oideachais agus an churaclaim, nach miste réimse leathan eispéireas foghlama a chur os comhair na ndaltaí a chuirfeadh ar a gcumas na cáilíochtaí agus na meoin a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim éifeachtach ar scoil agus dá rannpháirtíocht sa saol agus iad ina n-aosaigh.

Bhí lear mór bealaí in úsáid ag na scoileanna in imeacht na mblianta chun freastal ar riachtanais OSPS na ndaltaí. D'fhéach an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le hacmhainní agus oiliúint a sholáthar sa réimse sin, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Tá scoileanna ann a thairgeann cláir thréadchúraim, cláir a tharraingíonn ar shaineolas daoine éagsúla, ar institiúidí éagsúla agus ar chomhlachtaí oiliúna ar mhaithe le tacaíocht agus le hábhair acmhainní. Tá grúpaí deonacha agus eile, agus leasa tráchtála, tar éis ábhair acmhainní ar thopaicí eagsúla a chur ar fáil freisin.

Rud eile a chuir leis an timpeallacht dhearfach ba ea bunú an chórais teagascóra in an-chuid scoileanna, agus an fhoireann a oiliúint dá ról mar theagascóirí éifeachtacha. Príomhthoisc ba ea ceannaireacht na bpríomhoidí maidir le tús agus tacaíocht a chur leis sin agus le struchtúir tréadchúraim eile.

4.2 CURACLAM CUMASÚCHÁIN

Níl sé i gceist go gcuirfeadh curaclam agus treoirlínte múinteoireachta don OSPS ag leibhéal an iar-bhunoideachais isteach in aon chor ar an sárobair fíor-riachtanach atá ar siúl cheana féin. Tairgeann an curaclam creatlach d'an-chuid clár atá ann cheana, agus spreagfaidh sé scoileanna chun soláthar foirmiúil a dhéanamh don OSPS. Curaclam cumasúcháin atá ann a thacóidh leis an obair atá á déanamh cheana in OSPS agus soláthróidh sé treoirlínte don obair sin agus d'obair amach anseo. Ar an mbonn sin tharraing coiste cúrsa na CNCM ar shaineolas comhlachtaí agus grúpaí a thairgeann ábhair agus oiliúint sa réimse sin.

4.3 OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA (OCG)

Tá sé le tuiscint as *Interim Curriculum and Guidelines for Relationships and Sexuality Education* gur laistigh den oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte a bheidh comhthéacs an OCG sna scoileanna iar-bhunoideachais. Ionchorpraíodh an rianú don tsraith shóisearach a moladh in *Interim Curriculum and Guidelines* sa mhodúl OCG a bhaineann le gach ceann de thrí bliana an tsiollabais. Agus iad ag pleanáil don mhodúl sin, beidh scoil faoi threoir a beartais don oideachas caidrimh agus gnéasachta, beartas a ullmhaíodh tar éis dul i gcomhairle le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le húdaráis bhainistíochta.

Ionchorprófar na topaicí eile a pléadh in *Interim Curriculum and Guidelines for Relationships and Sexuality Education* i roinnt de na treoirlínte don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

5. MEASÚNACHT AGUS TEISTIÚCHÁN AN OSPS

Ní dhéanfar an OSPS a scrúdú go foirmiúil i scrúdú an Teastais Shóisearaigh mar atá faoi láthair. Ní oireann na modhanna agus na teicníochtaí atá in úsáid go dtí seo don teistiúchán náisiúnta, d'ábhar ná do mhodheolaíocht an OSPS. Ní cóir go ndéanfaí teistiúchán ar leibhéal náisiúnta i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta ar dhaltaí in OSPS. Bíodh sin mar atá, níor mhór OSPS a bheith oscailte don mheasúnacht agus don mheastóireacht mar is cuid den churaclam scoile é agus baineann aidhmeanna agus torthaí sonraithe leis. Trí mhórchatagóir atá i gceist:

5.1 FÉINMHEASÚNACHT AN DALTA AGUS PIARMHEASÚNACHT

D'fhéadfaí measúnacht dá leithéid a dhéanamh sa rang trí ceistneoirí agus/nó trí bhileoga saothair a chur ar fáil do na daltaí ar a bhféadfaidís an dul chun cinn a thaifeadadh a cheapann siad atá déanta acu i scil áirithe. B'fhearr dá mbreathnófaí ar fhéinmheasúnacht dá leithéid mar chuid dhílis den phróiseas teagaisc, foghlama agus measúnachta, seachas mar ghníomhaíocht deireadh modúil do na daltaí. Níor mhór na huirlísí féinmheasúnachta a bheith bunaithe ar chritéir shonraithe – critéir ar léir iad do na daltaí agus do na múinteoirí araon. D'fhéadfadh an fhéinmheasúnacht a bheith ina thasc neamhspéisiúil nó ina bhac ar an bhfoghlaim éifeachtach mura bhfuil critéir dá leithéid ann. Má bhíonn na critéir soiléir agus má bhíonn ionstraim mheasúnachta ábhartha spreagthach á húsáid, féadann an fhéinmheasúnacht an-inspreagadh a thabhairt.

Chaithfí torthaí áirithe ar an bhféinmheasúnacht a choinneáil príobháideach, áfach. Dá mbeadh múinteoirí ag iarraidh gníomhú go héifeachtach de bharr léargas na ndaltaí áfach, d'fhéadfaidís an clár OSPS a mhionathrú nó a leathnú i bhfianaise na léargas sin.

D'fhéadfadh grúpaí daltaí piarmheasúnacht a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is a bhí siad mar fhoireann oibre, mar shampla. Dhéanfadh an múinteoir gnó an éascaitheora i gcás mar sin, agus d'fhéadfaí oiliúint sa scil sin a chur ar fáil i gcomhthéacs oiliúna don OSPS.

5.2 MEASÚNACHT AR NA DALTAÍ

D'fhéadfadh measúnacht ar obair agus scileanna na ndaltaí a bheith i gceist anseo, trí thascanna ar leith, trí obair bhaile nó trí obair ar thionscadail. D'fhéadfadh na daltaí samplaí den obair a rinneadh don OSPS a choinneáil mar thaifead dá raibh curtha i gcrích acu. D'fhéadfaí obair dá leithéid a thaispeáint agus a phlé sa bhaile.

Is am tábhachtach luachmhar é an t-am a chaitear leis an OSPS. B'fhiú machnamh a dhéanamh féachaint an bhféadfadh an scoil teastas críochnaithe a bhronnadh ag deireadh an téarma, ag deireadh na bliana nó ag deireadh modúil oibre. Déanfar iniúchadh, féachaint an féidir teistiúchán náisiúnta a thabhairt do dhaltaí a chríochnaíonn an clár OSPS i sraith shóisearach na scoileanna iar-bhunoideachais.

5.3 MEASTÓIREACHT AR AN gCLÁR

Is éard a bheadh i gceist anseo ná measúnacht leanúnach ar struchtúr agus ar ábhair an chláir sa scoil. D'fhéadfadh gach duine a bhí ag plé leis an OSPS, idir thuismitheoirí, mhúinteoirí, dhaltaí agus lucht bainistíochta páirt a ghlacadh sa mheastóireacht seo.

STRUCHTÚR CLÁIR OSPS

Cuirtear an curaclam seo don OSPS sa tsraith shóisearach i láthair i bhfoirm deich modúl. Baineann gach modúl díobh le gach bliain den tsraith trí bliana.

Muintearas agus imeascadh

Féinbhainistíocht: rún daingean

Scileanna cumarsáide

Sláinte fhisiceach

Cairdeas

Caidreamh agus gnéasacht

Sláinte mhothúchánach

Tionchair agus cinntí

Úsáid substaintí

Sábháilteacht phearsanta

CLÁR OSPS A PHLEANÁIL

Tá creat solúbtha do na scoileanna san fhoramharc seo a leanas a chuirfidh ar a gcumas an clár OSPS is fearr a oireann do na daltaí agus don scoil a phleanáil.

Tugtar aird ar na pointí seo a leanas agus clár OSPS á phleanáil;

AM A LEITHDHÁILEADH AR THOPAIC

Déantar cur síos ar na topaicí atá laistigh de gach modúl agus cuirtear na haidhmeanna agus na torthaí in iúl. Tá topaicí ann agus níor ghá tréimhse ranga iomlán a chaitheamh á bplé; ach b'fhéidir go n-éileodh topaicí eile cúpla tréimhse ranga.

ORDÚ NA MODÚL

Féadfaidh scoileanna nó múinteoirí na modúil a ordú de réir riachtanas agus cúinsí na scoile nó an ranga. Bíodh sin mar atá, moltar go láidir na modúil ar chairdeas agus ar chaidreamh agus gnéasacht a cheangal go dlúth le chéile.

FORLUÍ AIDHMEANNA NÓ TOPAICÍ

B'fhéidir go gcuimseodh modúil topaicí nó aidhmeanna a bhaineann le modúil eile freisin sa chlár trí bliana. Tá a leithéid d'fhorluí ríthábhachtach do chlár comhtháite iomlánaíoch; níor mhiste filleadh ar thopaicí agus ar scileanna arís is arís eile, faoi cheannteidil dhifriúla agus ó pheirspictíochtaí éagsúla, laistigh de chlár forbraíochta bíseach.

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA

Is cóir tabhairt faoin oideachas caidrimh agus gnéasachta i gcomhthéacs an bheartais scoile sa réimse seo.

Tá breis sonraí faoi chlár a phleanáil sna Treoirlínte do Mhúinteoirí OSPS.

FORAMHARC AR BHLIAIN 1

Modúil	Topaicí
Muintearas agus imeascadh	1. Ag déileáil leis an athrú 2. Ag dul isteach i ngrúpa nua 3. Meas ar an éagsúlacht 4. Gnó do gach duine an bhulaíocht 5. Ag déileáil le cailleadh
Féinbhainistíocht: rún daingean	1. Mé féin a eagrú 2. Mo chuid oibre a eagrú sa bhaile agus ar scoil 3. Obair bhuíne 4. Cóimheá i mo shaol
Scileanna cumarsáide	1. Tú féin a chur in iúl 2. Ag foghlaim conas éisteacht 3. Cumarsáid éighníomhach, threallúsach agus ionsaitheach
Sláinte fhisiceach	1. Cúram an choirp 2. Bia folláin a ithe 3. Aclaíocht
Cairdeas	1. Cairde nua a dhéanamh 2. Cara maith

FORAMHARC AR BHLIAIN 1 (AR LEAN)

Modúil	Topaicí
Caidreamh agus gnéasacht	1. Mise i mo dhuine uathúil ar leith 2. Cairdeas 3. Athruithe san ógántacht 4. An córas atáirgthe 5. Íomhánna d'fhir agus de mhná 6. Meas orm féin agus ar dhaoine eile
Sláinte mhothúchánach	1. Na mothúcháin a aithint 2. Meas ar mo chuid mothúchán féin agus ar mhothúcháin daoine eile
Tionchair agus cinntí	1. Mo chuid laochra
Úsáid substaintí	1. Cén fáth a dtógfadh aon duine drugaí? 2. Cúrsaí alcóil: na fíricí 3. Caitheamh tobac, agus na hiarmhairtí 4. Ag caitheamh tobac – cén fáth? cén fáth nár cheart?
Sábháilteacht phearsanta	1. Aire a thabhairt dom féin

MUINTEARAS AGUS IMEASCADH

Braitheann an féinmheas ar iliomad tosca, agus an mothú go bhfuil tú slán ar na tosca is tábhachtaí. Pléann an modúl seo dhá eachtra a d'fhéadfadh cur isteach ar an tslándáil sin: an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, agus eispéireas an chaillteanais.

Topaic	Aidhmeanna
1. Ag déileáil leis an athrú	• Cur ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar an athrú ina saol – athruithe fisiceacha, sóisialta, mothúchánacha, srl. • Cuidiú le daltaí déileáil leis an athrú ón mbunoideachas go dtí an t-oideachas dara leibhéal
2. Ag dul isteach i ngrúpa nua	• Tógáil ar na scileanna a tugadh isteach ag leibhéal na bunscoile maidir le hoibriú i ngrúpaí; rialacha a leagan síos don oibriú i ngrúpaí ach go háirithe • Tuiscint a chothú do riachtanais daoine eile
3. Meas ar an éagsúlacht	• Cuidiú leis na daltaí a gcuid buanna féin agus buanna daoine eile a aithint agus a mheas
4. Gnó do gach duine an bhulaíocht	• Cabhrú leis na daltaí iompraíocht bhulaíochta a aithint agus a lipéadú • Féachaint ar na freagrachtaí is féidir le duine aonair agus le grúpa a dhéanamh i gcás iompraíochta dá leithéid • Na daltaí a chur ar an eolas faoin ngnás atá sa scoil chun déileáil le bulaíocht
5. Ag déileáil le cailleadh	• Cur ar chumas na ndaltaí cineálacha éagsúla caillteanais a aithint • Cabhrú leis na daltaí na torthaí pearsanta, sóisialta agus mothúchánacha a ghabhann le gach cineál caillteanais ar leith a shainaithint

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **machnamh a bheith déanta acu ar staid reatha a gcuid forbartha**
- **forbairt bhreise a bheith déanta ar a gcuid scileanna grúpoibre agus ar a gcuid scileanna cumarsáide**
- **go mbeidís níos airdeallaí maidir lena gcuid buanna féin agus maidir le buanna daoine eile**
- **go n-aithneoidís cén fhreagracht atá orthu ina gcáil mar bhaill de phobal na scoile**
- **go n-aithneoidís na tréithe a ghabhann le hiompraíocht bhulaíochta**
- **go mbeadh cur amach acu ar bheartas na scoile i dtaca le bulaíocht agus go mbeidís toilteanach cloí leis an mbeartas sin**
- **go mbeadh cur amach acu ar chineálacha caillteanais agus ar na hiarmhairtí a ghabhann le cailleadh**
- **go mbeadh a fhios acu cén ball foirne ar cheart dul chun cainte leis/léi dá mba ghá.**

FÉINBHAINISTÍOCHT: RÚN DAINGEAN

Is é fócas an mhodúil seo dea-scileanna a fhorbairt maidir le heagrú pearsanta, obair éifeachtach agus nósanna fóillíochta. Pléitear tábhacht na grúpoibre freisin.

Topaic	Aidhmeanna
1. Mé féin a eagrú	• Forbairt ar scileanna pleanála agus ullmhúcháin a éascú
2. Mo chuid oibre a eagrú sa bhaile agus ar scoil	• Cabhrú leis na daltaí dea-nósanna staidéir a fhorbairt
3. Grúpobair	• Cuidiú leis na daltaí na buntáistí a ghabhann le dea-ghrúpobair agus an dúshlán a ghabhann le bheith ina bhall éifeachtach den ghrúpa oibre a aithint • Cuidiú leis na daltaí a aithint go bhfuil teorainn lena gcumas féin agus gur gá cúnamh agus comhairle a lorg ó dhaoine eile
4. Cóimheá i mo shaol	• Cuidiú leis na daltaí a gcuid ama a eagrú maidir lena gcuid oibre, le fóillíocht agus le scíth • Iniúchadh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le bheith folláin

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeidís in ann an obair bhaile agus a gcuid oibre ar scoil a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach**
- **go mbeidís níos feasaí maidir le tábhacht na grúpoibre**
- **go mbeadh fís níos forleithne acu faoina bhfuil i gceist le bheith folláin.**

SCILEANNA CUMARSÁIDE

Tá cumas cumarsáide fíor-riachtanach don fhorbairt fholláin i gcúrsaí pearsanta agus sóisialta. Tá an fócas sa mhodúl seo ar na bunscileanna féinléirithe agus éisteachta a dhaingniú. Ina theannta sin cuirtear cineálacha éagsúla cumarsáide os comhair na ndaltaí mar aon leis na comhthéacsanna ina n-úsáidtear iad.

Topaic	Aidhmeanna
1. Tú fein a chur in iúl	• Cur ar chumas na ndaltaí scileanna a fhorbairt chun a gcuid dtuairimí féin a chur in iúl agus ceisteanna dearfacha a chur
2. Ag foghlaim conas éisteacht	• Cuidiú leis na daltaí scileanna éisteachta le daoine eile a fhorbairt • Tuiscint a chothú ar a thábhachtaí is atá sé a bheith airdeallach ar thuairimí daoine eile
3. Cumarsáid éighníomhach, threallúsach agus ionsaitheach	• Cabhrú leis na daltaí cineálacha cumarsáide a idirdhealú agus a aithint – cumarsáid éighníomhach, treallúsach agus ionsaitheach • Cabhrú leis na daltaí a bheith san airdeall maidir le hoiriúnacht nó mí-oiriúnacht cineálacha éagsúla cumarsáide i gcomhthéacsanna difriúla, go mór mór agus iad ag déileáil le haosaigh • Forbairt bhreise a dhéanamh ar scileanna bainistíochta coinbhleachta

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **scileanna éisteachta agus féinléirithe a bheith foghlamtha agus cleachta acu**
- **go dtuigfidís gur gá a bheith airdeallach ar thuairimí daoine eile**
- **go n-aithneoidís agus go dtuigfidís cineálacha éagsúla cumarsáide**
- **go mbeidís feasach ar a oiriúnaí is atá cineálacha éagsúla cumarsáide**
- **scileanna réiteach coinbhleachta a bheith foghlamtha acu.**

SLÁINTE FHISICEACH

Gné amháin den tsláinte phearsanta agus den fholláine í an tsláinte fhisiceach. Dírítear ar ghnéithe eile lena n-áirítear gnéithe mothúchánacha, gnéasachta agus sóisialta in áiteanna eile in OSPS na sraithe sóisearaí. Tá an fócas sa mhodúl seo ar phatrúin saoil a thacaíonn leis an bhfolláine fhisiceach.

Topaic	Aidhmeanna
1. Cúram an choirp	• Béim a leagan ar thábhacht an níocháin agus cúram an choirp, le linn na hógántachta go háirithe • Iniúchadh a dhéanamh ar na ceangail idir sláinteachas pearsanta agus féiníomhá dhearfach
2. Bia folláin a ithe	• Na gnéithe éagsúla d'aiste bia cothrom a chur ar a súile do na daltaí, agus a thábhachtaí is atá sé don tsláinte fhisiceach agus intinne bia folláin a ithe
3. Aclaíocht	• Iad a chur ar an eolas faoi thábhacht na scíthe agus na haclaíochta don tsláinte agus don fholláine • Cuidiú leis na daltaí féidearthachtaí a aithint maidir le haclaíocht laethúil agus seachtainiúil ina saol féin

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go dtuigfidís a thábhachtaí is atá an sláinteachas pearsanta don fhéinmheas agus don fhéinmhuinín**
- **go dtuigfidís a bhfuil i gceist le haiste bia cothrom, agus na himpleachtaí don tsláinte agus don fholláine i gcoitinne**
- **go n-aithneoidís tábhacht na haclaíochta fisicí, na scíthe agus na codlata**
- **plean pearsanta aclaíochta a bheith beartaithe acu dá saol féin.**

CAIRDEAS

Is minic san aistriú chuig scoil iar-bhunoideachais a scartar daltaí ó na cairde a bhí acu agus iad óg. Bíonn brú breise ar dhaltaí a aistríonn ó thimpeallacht aonghnéasach isteach i dtimpeallacht chomhoideachais. Tairgeann an modúl seo deiseanna chun na saincheisteanna sin a scrúdú.

Topaic	Aidhmeanna
1. Cairde nua a dhéanamh	• Cabhrú leis na daltaí féachaint céard go díreach atá i gceist le cairdeas
2. Cara maith	• Tréithe cara maith a aithint

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **tuiscint níos fearr a bheith acu ar nádúr an chairdis**
- **cíoradh a bheith déanta acu ar thréithe cara maith.**

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA

Ullmhófar an modúl seo de réir bheartais na scoile i leith an oideachais chaidrimh agus gnéasachta. Tá tuilleadh sonraí tugtha i *Teacher Guidelines for Social, Personal and Health Education.*

Topaic	Aidhmeanna
1. Mise i mo dhuine uathúil ar leith	• Scileanna a fhorbairt a chothóidh an féinmheas
2. Cairdeas	• Feachaint níos doimhne ar thréithe luachmhara sa chairdeas • Cabhrú leis na daltaí a gcuid freagrachtaí a aithint sna cineálacha éagsúla caidrimh
3. Athruithe san ógántacht	• Cuidiú leis na daltaí maidir lena dtuiscint ar na hathruithe fisiceacha, mothúchánacha agus siceolaíochta a tharlaíonn le linn na hógántachta • Cabhrú leis na daltaí a aithint gur ag amanna difriúla agus ar rátaí difriúla a tharlaíonn na hathruithe sin, ag brath ar an duine atá i gceist
4. An córas atáirgthe	• Cur ar chumas na ndaltaí a gcuid eolais a shoiléiriú ar chóras atáirgthe na bhfear agus na mban, agus ar an gcaidreamh collaí agus cúrsaí coimpeartha
5. Iomhánna d'fhir agus de mhná	• Cur ar chumas na ndaltaí níos mó a fháil amach faoin mbuanchruthú agus faoin tionchar a bhíonn aige sin ar mheonta agus ar iompraíocht
6. Meas orm féin agus ar dhaoine eile	• Roinnt meonta comhaimseartha ar an ngnéasacht a shainaithint • Cabhrú leis na daltaí a aithint gur gá meas a bheith acu ar an ngnéasacht

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh meas acu ar a gcuid buanna pearsanta agus ar bhuanna daoine eile**
- **go mbeadh cíoradh déanta acu ar roinnt de na gnéithe a bhaineann le buanchruthú na gnéasachta**
- **eolas a bheith acu ar na hathruithe fisiceacha, mothúchánacha agus síceolaíochta a bhaineann leis an ógántacht**
- **tuiscint shoiléir a bheith acu ar chóras atáirgthe na bhfear agus na mban**
- **go n-aithneoidís gur gá meas a bheith acu ar a ngnéasacht féin agus ar ghnéasacht daoine eile.**

SLÁINTE MHOTHÚCHÁNACH

Ar mhothúcháin a dhíríonn an modúl seo – a bhfoinsí agus a dtionchar. Spreagann sé na daltaí chun a gcuid mothúchán féin a aithint, bunghné den dea-shláinte mheabhrach.

Topaic	Aidhmeanna
1. Na mothúcháin a aithint	• Mothúcháin choitianta a aithint agus a lipéadú • Cabhrú leis na daltaí aithint idir bhealaí oiriúnacha agus bhealaí mí-oiriúnacha chun na mothúcháin sin a chur in iúl
2. Meas ar mo chuid mothúchán féin agus ar mhothúcháin daoine eile	• Cabhrú leis na daltaí a bheith san airdeall maidir lena gcuid freagairtí mothúchanacha féin agus mothúcháin daoine eile

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh cur amach níos fearr acu ar mhothúcháin choitianta agus ar na focail speisialta a úsáidtear chun iad a chur in iúl**
- **cíoradh a bheith déanta acu ar a gcuid freagairtí mothúchánacha féin, agus ar fhreagairtí mothúchánacha na ndaoine timpeall orthu**
- **go n-aithneoidís na bealaí oiriúnacha lena gcuid mothúchán féin a chur in iúl.**

TIONCHAIR AGUS CINNTÍ

Déanann na daltaí cíoradh ar na bealaí a dtéann nithe i bhfeidhm orthu, i ngan fhios dóibh féin fiú. Is í an chéad chéim i bhforbairt na scileanna ríthábhachtacha atá riachtanach don dea-chinnteoireacht ná tionchar a aithint.

Topaic	Aidhmeanna
1. Mo chuid laochra	• Cuidiú leis na daltaí tionchair thábhachtacha ina saol a aithint agus a ainmniú – óna saol sa bhaile, ar scoil, sa phobal mór agus sna meáin chumarsáide • Féachaint ar an gcaoi a dtéann cuid de na tionchair sin i bhfeidhm ar a n-iompraíocht féin • Cuidiú leis na daltaí meas a bheith acu ar an indibhidiúlacht agus ar an éagsúlacht

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh sé níos fusa dóibh a aithint cé a théann i bhfeidhm orthu, an tslí a ndéantar é agus cén fáth a ndéantar é**
- **go mbeadh meas acu ar indibhidiúlacht agus uathúlacht gach duine ar leith.**

ÚSÁID SUBSTAINTÍ

Ní mór do na scoileanna na riachtanais áitiúla a chur san áireamh ina gcuid pleanála don mhodúl seo den OSPS. B'fhéidir go mba chóir ábhar ó bhliain a dó nó ó bhliain a trí a chur isteach le hábhar bhliain a haon, nó am breise a leagan amach don mhodúl. Tá an fócas, sa chéad áit, ar ionad na ndrugaí sa ghnáthshaol laethúil, a n-úsáid mar chóir leighis agus chun tinnis a sheachaint. Déantar plé ar leith freisin ar úsáid an alcóil, tuaslagóirí agus nicitín.

Topaic	Aidhmeanna
1. Cén fáth a dtógfadh aon duine drugaí?	• Tábhacht na gcógas leighis agus na ndrugaí inár saol a shainaithint • Cásanna a aithint ina bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as cógais agus drugaí • Féachaint ar na himpleachtaí sláinte agus sóisialta a ghabhann le drugaí
2. An t-alcól	• Na patrúin úsáide alcóil i sochaí na hÉireann a shainaithint • Féachaint ar chuid de na bealaí ina mbaintear mí-úsáid as an alcól
3. Tuaslagóirí	• Cuid de na himpleachtaí sláinte a ghabhann le mí-úsáid tuaslagóirí a shainaithint
4. Caitheamh tobac, agus na hiarmhairtí	• Féachaint ar na himpleachtaí sláinte agus sóisialta atá ag gabháil leis an gcaitheamh tobac
5. Ag caitheamh tobac: cén fáth? cén fáth nár cheart?	• Cabhrú leis na daltaí sainaithint a dhéanamh ar chuid de na cúiseanna a gcaitheann daoine óga tobac • Cuidiú leis na daltaí bealaí a aithint chun an caitheamh tobac a sheachaint • Cinntiú go dtuigeann na daltaí polasaí na scoile maidir leis an gcaitheamh tobac, alcól, agus drugaí (de réir mar a oireann)

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh iniúchadh déanta acu ar ionad na gcógas agus na ndrugaí sa saol daonna**
- **go dtuigfidís an mhí-úsáid is féidir a bhaint as cógais agus as drugaí**
- **go dtuigfidís impleachtaí úsáid an alcóil don tsláinte phearsanta agus don chaidreamh sóisialta**
- **go mbeadh iniúchadh déanta acu ar chuid de na fáthanna a dtosaíonn daoine ag caitheamh tobac**
- **go mbeadh scrúdú déanta acu ar bhealaí chun an caitheamh tobac a sheachaint.**

SÁBHÁILTEACHT PHEARSANTA

Cuirtear deiseanna ar fáil sa mhodúl seo chun polasaí sábháilteachta scoileanna a shoiléiriú. Ós rud é go bhféadfadh daltaí a bheith ag taisteal chuig scoil nua moltar dul siar ar na rialacha don tsábháilteacht ar na bóithre leis na daltaí céad bliana iar-bhunscoile uile. Anuas air sin, déantar athbhreithniú agus nuashonrú anseo ar scileanna sábháilteachta pearsanta a foghlaimíodh den chéad uair sa bhunscoil.

Topaic	Aidhmeanna
1. Aire a thabhairt dom féin	• Iniúchadh a dhéanamh in éineacht leis na daltaí ar ghnásanna chun a sábháilteacht phearsanta agus a slándáil phearsanta a chosaint, agus ar an gcur chuige cuí sa chás go gcuirtear an tsábháilteacht agus an tslándáil sin i mbaol • Na gnásanna aslonnaithe a mhíniú do na daltaí i gcás dóiteáin sa scoil • Na bunrialacha sábháilteachta ar na bóithre, go speisialta maidir leis an turas ar scoil agus abhaile, a dhaingniú

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh iniúchadh déanta acu ar bhealaí le fanacht slán**
- **go mbeadh feasacht acu ar an gcur chuige cuí i gcás bagairtí éagsúla ar a sábháilteacht phearsanta**
- **go mbeadh eolas praiticiúil acu ar na gnásanna aslonnaithe i gcás dóiteáin**
- **go mbeadh plé déanta acu ar chontúirtí féideartha agus iad ag taisteal chun na scoile nó ar a mbealach abhaile.**

FORAMHARC AR BHLIAIN 2

Modúil	Ábhair
Muintearas agus imeascadh	1. Breathnú siar, breathnú chun cinn 2. Grúpobair 3. Naisc theaghlaigh
Féinbhainistíocht: rún daingean	1. Céard a spreagann mé? 2. Scileanna staidéir
Scileanna cumarsáide	1. Cumarsáid threallúsach
Sláinte fhisiceach	1. Cúram an choirp agus íomhá choirp 2. Ag aireachtáil go dona
Cairdeas	1. Mar a athraíonn an cairdeas
Caidreamh agus gnéasacht	1. Ó choimpeart go breith 2. Braistintí agus mothúcháin a aithint agus a chur in iúl 3. Piarbhrú agus tionchair eile 4. Caidrimh a bhainistiú 5. Cinnteoireacht iontaofa 6. Sláinte agus sábháilteacht phearsanta

FORAMHARC AR BHLIAIN 2 (AR LEAN)

Modúil	Ábhair
Sláinte mhothúchánach	1. Féinmhuinín 2. Íomhá choirp
Tionchair agus cinntí	1. Tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha 2. Cinnteoireacht
Úsáid substaintí	1. Iarmhairtí na ndrugaí 2. Alcól agus iarmhairtí an alcóil 3. Alcól: cén fáth? cén fáth nár cheart? 4. Cannabas agus iarmhairtí an channabais 5. Cannabas: cén fáth? cén fáth nár cheart?
Sábhailteacht phearsanta	1. Timpistí sa bhaile agus ar scoil 2. Braistint faoi bhagairt

MUINTEARAS AGUS IMEASCADH

Bíonn raidhse dúshlán ar leith roimh dhaltaí na dara bliana san iar-bhunscoil. Faoin am seo tá patrúin nua cairdis agus dílseachta bunaithe; ní hiad na daltaí 'nua' iad a thuilleadh, tá nósanna oibre bunaithe agus tá tús curtha sa bhaile leis an ngluaiseacht i dtreo an neamhspleáchais. Pléitear na hábhair seo ar fad sa mhodúl seo.

Ábhair	Aidhmeanna
1. Breathnú siar, breathnú chun cinn	• Cuidiú leis na daltaí meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid taithí céad bliana • Cuidiú leo chun spriocanna agus cuspóirí a leagan síos don bhliain atá le teacht
2. Grúpobair	• Cur ar chumas na ndaltaí forbairt bhreise a dhéanamh ar a gcuid scileanna don ghrúpobair
3. Naisc theaghlaigh	• Cuidiú leis na daltaí na hathruithe atá tagtha ar a gcuid rólanna agus ar a gcuid caidrimh laistigh dá dteaghlaigh féin a aithint

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeidís páirteach sa mheastóireacht ar a gcéad bhliain**
- **spriocanna agus cuspóirí follasacha a bheith acu don téarma agus don bhliain atá rompu**
- **go mbeadh breis feabhais tagtha ar a gcuid scileanna don ghrúpobair**
- **go mbeadh iniúchadh déanta acu ar na caidrimh dinimiciúla ina dteaghlaigh féin.**

FÉINBHAINISTÍOCHT: RÚN DAINGEAN

Anois ó nach bhfuil an t-iarbhunscoil nua a thuilleadh, ní miste do na daltaí foinsí dearfacha tacaíochta agus inspreagtha a aithint ina saol.

Topaic	Aidhmeanna
1. Céard a spreagann mé?	• Na daltaí a spreagadh chun foinsí tacaíochta agus spreagtha ina saol féin a aithint
2. Scileanna staidéir	• Forbairt bhreise a dhéanamh ar na scileanna atá riachtanach chun staidéar éifeachtach a dhéanamh sa bhaile agus ar scoil

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh foinsí tacaíochta pearsanta aitheanta acu**
- **go mbeadh athbhreithniú déanta acu ar chleachtais éifeachtacha oibre agus staidéir.**

SCILEANNA CUMARSÁIDE

Is iad scileanna na cumarsáide treallúsaí an fócas sa mhodúl seo. Tugtar deiseanna do na daltaí na scileanna seo a chleachtadh, agus béim ar leith ar bheith ag déileáil le lucht údaráis.

Topaic	Aidhmeanna
1. Cumarsáid threallúsach	• Scileanna a fhorbairt ar mhaithe leis an gcumarsáid threallúsach a chothú • Cuidiú leis na daltaí comhthéacsanna oiriúnacha a aithint ar scoil, sa teaghlach agus sa mhórphobal i gcoitinne inar féidir na scileanna sin a úsáid • Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi is féidir an chumarsáid threallúsach a úsáid agus iad ag déileáil le lucht údaráis

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh scileanna sa chumarsáid threallúsach cleachta acu**
- **go dtuigfidís na comhthéacsanna oiriúnacha don saghas seo cumarsáide.**

SLÁINTE FHISICEACH

Téann an modúl seo siar ar na bunchleachtais sláinteachais agus iniúchann sé an nasc idir dea-nósanna sláinteachais agus an féinmheas. Pléann sé cúrsaí tinnis agus cúiseanna tinnis freisin mar aon le bheith in ann an uair a mbíonn gá le cúnamh a aithint.

Topaic	Aidhmeanna
1. Cúram an choirp agus íomhá choirp	• Dul siar ar na bunphrionsabail sláinteachais • Daingniú a dhéanamh ar an nasc idir sláinteachas pearsanta agus dea-íomhá choirp
2. Ag aireachtáil go dona	• Cur ar chumas na ndaltaí an ceangal a fheiceáil idir airíonna coitianta tinnis agus cúiseanna an tinnis, agus béim ar leith ar na tinnis a shamhlaítear leis an ógántacht • Cabhrú leis na daltaí a thuiscint gur gá dul ag iarraidh cabhrach míochaine, mar aon le cabhair agus comhairle phroifisiúnta eile

BLIAIN 2

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **súil siar a bheith caite ar bhunphrionsabail an tsláinteachais phearsanta agus an tábhacht atá leo don fhéiníomhá dhearfach**
- **go mbeidís in ann airíonna na dtinneas coitianta a ainmniú**
- **go mbeadh siad in ann na hócáidí a mbeadh gá le cúnamh a aithint.**

CAIRDEAS

Thug na daltaí faoi cheist na bulaíochta ó thaobh an íosportaigh de sa chéad bhliain, ach scrúdaíonn daltaí sa dara bliain iompraíocht na mbulaithe agus na cúiseanna atá taobh thiar den iompraíocht sin.

Topaic	Aidhmeanna
1. Mar a athraíonn an cairdeas	• Cabhrú leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar phatrúin chairdis atá ag athrú agus iad a thuiscint • Cabhrú leis na daltaí na cúiseanna le hiompraíocht bulaíochta a thuiscint • Cur ar chumas na ndaltaí iompraíocht bulaíochta a aithint, mar aon leis an bpoitéinseal d'iompraíocht dá leithéid i mbliain a dó san iar-bhunscoil • Athbhreithniú a dhéanamh ar na gnásanna atá ann chun déileáil le hiompraíocht bulaíochta • Cabhrú leis na daltaí straitéisí agus scileanna a fhorbairt le húsáid má chastar iompraíocht bulaíochta orthu

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **machnamh a bheith déanta acu ar athruithe ar chairdeas**
- **go mbeidís in ann tréithe na hiompraíochta bulaíochta a aithint, go speisialta sa dara bliain**
- **go mbeadh iniúchadh déanta acu ar an gcaidreamh idir shiblíní**
- **go mbeadh forbairt déanta acu ar a gcuid scileanna chun déileáil le hiompraíocht bhulaíochta.**

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA

Ullmhófar an modúl seo de réir bheartais na scoile i leith an oideachais chaidrimh agus gnéasachta. Tá tuilleadh sonraí tugtha i *Teacher Guidelines for Social, Personal and Health Education.*

Topaic	Aidhmeanna
1. Ó choimpeart go breith	• Féachaint ar na céimeanna forbartha ó choimpeart go breith
2. Braistintí agus mothúcháin a aithint agus a chur in iúl	• Cuidiú leis na daltaí idirdhealú a dhéanamh idir chineálacha éagsúla caidrimh • Tuiscint a chothú do na braistintí agus de na mothúcháin a shamhlaítear le saghsanna difirúla caidreamh
3. Piarbhrú agus tionchair eile	• Cuidiú leis na daltaí féachaint ar an ról a bhíonn ag piarbhrú agus ag tionchair eile i réimse na gnéasachta
4. Caidrimh a bhainistiú	• Cur ar chumas na ndaltaí scileanna a fhorbairt chun caidrimh a bhunú agus a chothú ag leibhéil oiriúnacha
5. Cinnteoireacht iontaofa	• Scileanna cinnteoireachta riachtanacha a aithint, maidir le hiompraíocht i gcúrsaí caidrimh, agus an chinnteoireacht a bheith ag teacht le luachanna pearsanta agus laistigh de chreatlach morálta
6. Sláinte agus sábháilteacht phearsanta	• Cuidiú leis na daltaí tuiscint a fháil ar na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann agus caidreamh nua á bhunú • Cur ar chumas na ndaltaí céimeanna praiticiúla a aithint maidir lena slándáil phearsanta • A bhfeasacht i dtaobh galar gnéas-tarchurtha a mhúscailt

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **eolas a bheith acu ar na céimeanna forbartha ó choimpeart go breith**
- **go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar na gnéithe mothúchánacha de réimse caidreamh éagsúil**
- **go mbeadh anailís déanta acu ar chuid de na tionchair a mhúnlaíonn meonta ar ghnéasacht**
- **go mbeadh forbairt tagtha ar a gcuid scileanna cumarsáide i gcaidreamh**
- **go mbeadh forbairt bhreise déanta ar a gcuid scileanna cinnteoireachta**
- **go mbeadh a fhios acu faoin mbaol féideartha as caidreamh nua a bhunú**
- **go mbeadh buneolas acu ar ghalair ghnéas-tarchurtha**
- **go mbeadh cur amach acu ar ghníomhaireachtaí cabhrach agus ar a ról.**

SLÁINTE MHOTHÚCHÁNACH

D'fhéadfadh go leor deacrachtaí a bheith ag an ógánach a bhfuil droch-fhéiníomhá nó drochíomhá choirp aige/aici. Féachann an modúl seo ar thosca a thacaíonn le féiníomhá dhearfa, agus pléann sé a bhfuil i gceist le híomhá choirp agus an bearna idir 'fíor' agus 'idéalach'.

Topaic	Aidhmeanna
1. Féinmhuinín	• Cabhrú leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar rudaí a thugann deis dóibh a bheith sásta leo féin • Scileanna a fhorbairt a chothódh dea-bhraistint i ndaoine eile
2. Íomhá choirp	• Cabhrú leis na daltaí teacht ar an tuiscint go bhfuil réimse leathan normáltachta ann maidir le cineál agus cruth coirp, agus a bheith in ann glacadh leis sin

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh scileanna breise acu chun a gcuid féinmhuiníne agus féinmhuinín daoine eile a chothú**
- **go dtuigfidís agus go nglacfaidís leis go bhfuil réimse mór cruthanna coirp ann, le linn na hógántachta go speisialta.**

TIONCHAIR AGUS CINNTÍ

Cuireann an modúl seo an próiseas cinnteoireachta i gcomhthéacs tionchar – bíodh na cinntí dearfach nó diúltach. Ní hionann cinneadh freagrach a dhéanamh agus rogha a dhéanamh as réimse roghanna cothroma – bíonn an próiseas i bhfad níos casta. Tugann an modúl seo cuireadh do na daltaí dul i ngleic leis an bpróiseas.

Topaic	Aidhmeanna
1. Tionchair dhearfacha agus dhiúltacha	• Cuidiú leis na daltaí tionchair a áireamh ina dtionchair dhearfacha nó diúltacha • Cur ar chumas na ndaltaí a thuiscint go mbíonn tionchar acu féin ar iompraíocht agus ar thuairimí daoine eile
2. Cinnteoireacht	• Béim a leagan ar an ngá le machnamh roimh an bpróiseas cinnteoireachta, lena linn agus ina dhiaidh • Cur ar chumas na ndaltaí gnéithe den phróiseas cinnteoireachta a aithint • Scileanna a chothú don chinnteoireacht fhreagrach

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh meastóireacht déanta acu ar chuid de na tionchair is mó a théann i bhfeidhm ar thuairimí agus ar iompraíocht**
- **go n-aithneoidís a ról féin nuair a théann siad i bhfeidhm ar iompraíocht agus ar thuairimí daoine eile**
- **go mbeadh forbairt bhreise déanta acu ar a gcuid scileanna cinnteoireachta agus go dtuigfidís an gá le machnamh a dhéanamh le linn an phróisis chinnteoireachta.**

ÚSÁID SUBSTAINTÍ

Mar a rinneadh sa phleanáil don chéad bhliain, ní mór do na scoileanna na riachtanais áitiúla a chur san áireamh agus an modúl seo den OSPS á phleanáil freisin. Féachtar ar thorthaí na ndrugaí sa tsochaí – na dea-thorthaí agus na torthaí diúltacha. Úsáidtear na scileanna cinnteoireachta a phléitear in áiteanna eile in OSPS i gcomhthéacs saincheisteanna faoi úsáid an alcóil agus faoi úsáid an channabais i saol duine óig.

Topaic	Aidhmeanna
1. Iarmhairtí na ndrugaí	• Cabhrú leis na daltaí tuiscint a fháil ar iarmhairtí fisiceacha agus síceolaíochta na ndrugaí • Iniúchadh a dhéanamh ar ionad na substaintí dleathacha agus mídhleathacha sa tsochaí
2. Alcól agus iarmhairtí an alcóil	• Na himpleachtaí don iompraíocht agus don fhreagracht phearsanta atá ag gabháil le húsáid an alcóil a aithint, agus i saol duine óig go speisialta
3. Alcól: cén fáth? cén fáth nár cheart?	• Cabhrú leis na daltaí a dtuiscint nua ar an gcinnteoireacht a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna a bhaineann le halcól agus le húsáid an alcóil • Caitheamh aimsire atá beag beann ar an alcól a aithint agus a chothú
4. Cannabas agus iarmhairtí an channabais	• Féachaint ar na himpleachtaí sláinte, sóisialta agus dlíthiúla as cannabas a úsáid
5. Cannabas: cén fáth? cén fáth nár cheart?	• Cuidiú leis na daltaí a aithint cén fáth a n-úsáideann daoine óga cannabas • Féachaint le tuiscint a thabhairt do na daltaí ar na cúiseanna leis an gcannabas a sheachaint

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh athbhreithniú déanta acu ar a dtuiscint ar iarmhairtí fisiceacha agus síceolaíochta na ndrugaí**
- **go dtuigfidís na himpleachtaí pearsanta agus sóisialta i saol an duine óig ag éirí as alcól agus cannabas a úsáid**
- **go dtuigfidís cuid de na cúiseanna a bhíonn ag daoine le cannabas a úsáid**
- **go dtuigfidís go soiléir an chontúirt atá in úsáid an channabais.**

SÁBHÁILTEACHT PHEARSANTA

San áireamh sa mhodúl seo tá athbhreithniú ar pholasaí agus ar ghnás sábháilteachta na scoile. Iarrtar ar na daltaí meastóireacht a dhéanamh ar an mbaol timpistí sa bhaile nó ar an bhfeirm freisin, go háirithe má ligtear do na daltaí innealra agus trealamh feirme a úsáid. Díríonn an modúl ach go háirithe ar rioscaí nach mbíonn smacht ag na daltaí orthu – riosca ionsaithe, riosca mí-úsáide nó riosca imeaglaithe.

Topaic	Aidhmeanna
1. Timpistí sa bhaile agus ar scoil* ***agus ar an bhfeirm (de réir mar is cuí)**	• Cur ar chumas na ndaltaí a aithint go bhfuil páirt ag gach duine i bpobal na scoile sa tsábháilteacht ar scoil • Go dtuigfidís níos soiléire na comhthéacsanna ina bhféadfadh timpistí tarlú agus na bealaí le timpistí a sheachaint
2. Braistint faoi bhagairt	• Cur ar chumas na ndaltaí iniúchadh a dhéanamh ar an réimse rioscaí do dhaoine óga – bídís sa bhaile, ar scoil nó sa phobal i gcoitinne • Cabhrú leis na daltaí straitéisí slándála agus sábháilteachta a aithint, mar aon le foinsí tacaíochta i gcás géarchéime

BLIAIN 2

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go n-aithneoidís go bhfuil siad freagrach as a sábháilteacht féin agus as sábháilteacht daoine eile**
- **go dtuigfidís na cúiseanna a dtarlaíonn timpistí i gcomhthéacsanna éagsúla, agus na céimeanna is féidir a ghlacadh chun timpistí a sheachaint.**

FORAMHARC AR BHLIAIN 3

Modúil	Topaicí
Muintearas agus imeascadh	1. Spriocanna do bhliain a trí 2. Conradh oibre
Féinbhainistíocht: rún daingean	1. Mo chuid ama a eagrú 2. Ag pleanáil don staidéar éifeachtach 3. Ag déileáil le scrúduithe
Scileanna cumarsáide	1. Ag foghlaim le cumarsáid a dhéanamh 2. Cumarsáid i gcásanna coinbhleachta
Sláinte fhisiceach	1. Aclaíocht fhisiceach 2. Scíth 3. Aiste bia
Cairdeas	1. Cairdeas idir buachaillí agus cailíní

FORAMHARC AR BHLIAIN 3 (AR LEAN)

Modúil	Topaicí
Caidreamh agus gnéasacht	1. Íomhá choirp 2. Cá bhfuil mé anois? 3. Caidreamh – an ghné atá tábhachtach 4. Meas, cearta, freagrachtaí 5. Coinbhleacht
Sláinte mhothúchánach	1. Strus 2. Braistintí agus mothúcháin
Tionchair agus cinntí	1. An dea-chinnteoireacht
Úsáid substaintí	1. Eacstaise – i ndairíre 2. Hearóin – i ndairíre
Sábháilteacht phearsanta	1. Socruithe baolacha a aithint 2. Foréigean 3. Gníomhaireachtaí cabhrach

MUINTEARAS AGUS IMEASCADH

Féachann an modúl seo le cur ar chumas na ndaltaí spriocanna réalaíocha a leagan síos dóibh féin agus pleanáil chun iad a thabhairt i gcrích. Cuireann pleanáil dá leithéid leis an mbraistint sna daltaí go bhfuil siad i gceannas, lena gcumasú, agus lena bhféinmheas dá réir.

Topaic	Aidhmeanna
1. Spriocanna do bhliain a trí	• Cur ar chumas na ndaltaí spriocanna fadtéarma agus gearrthéarma a leagan síos • Cabhrú leis na daltaí na tosca a aithint a chothaíonn dea-thimpeallacht foghlama
2. Conradh oibre	• É a dhéanamh níos fusa conradh oibre pearsanta agus grúpa a chur le chéile i bhfianaise na dtosca thuasluaite

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh spriocanna pearsanta aitheanta ag na daltaí do bhliain a trí**
- **go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar na tosca atá riachtanach don fhoghlaim éifeachtach**
- **go mbeadh conradh pearsanta agus grúpa curtha le chéile don bhliain.**

FÉINBHAINISTÍOCHT: RÚN DAINGEAN

Agus é ag tógáil ar an modúl faoi mhuintearas agus imeascadh, díríonn an modúl seo ar dhea-scileanna staidéir a fhorbairt agus iniúchann sé foinsí an struis le linn do na daltaí a bheith ag tabhairt aghaidhe ar a gcéad scrúdú mór.

Topaic	Aidhmeanna
1. Mo chuid ama a eagrú	• Cur ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann siad a gcuid ama ar bhonn laethúil agus seachtainiúil • Cur ar chumas na ndaltaí clár ama pearsanta cothrom a ullmhú don obair scoile
2. Ag pleanáil don staidéar éifeachtach	• Forbairt bhreise a dhéanamh ar scileanna don staidéar éifeachtach
3. Ag déileáil le scrúduithe	• Cur ar chumas na ndaltaí a gcuid buanna agus a gcuid laigí a aithint sna scrúduithe a rinne siad cheana • Cuidiú leis na daltaí straitéisí a eagrú chun go gcruthóidís níos fearr sa scrúdú

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **clár ama pearsanta oibre a bheith leagtha amach acu**
- **forbairt bhreise a bheith déanta acu ar a gcuid scileanna staidéir**
- **go mbeadh cur amach níos fearr acu ar a gcuid buanna agus laigí pearsanta i gcomhthéacs scrúduithe**
- **straitéisí a bheith forbartha acu ar mhaithe le torthaí níos fearr a fháil sna scrúduithe.**

SCILEANNA CUMARSÁIDE

Is deacair do dhuine ar bith glacadh le cáineadh, agus féadfaidh sé a bheith níos deacra fós do dhéagóirí cúthaileacha nach bhfuil mórán féinmhuiníne acu astu féin. Féachann an modúl seo ar an tábhacht atá leis an gcumarsáid íogair, agus ar straitéisí chun éisteacht le cáineadh agus freagra a thabhairt i gcásanna coinbhleachta.

Topaic	Aidhmeanna
1. Ag foghlaim le cumarsáid a dhéanamh **2. Cumarsáid i gcásanna coinbhleachta**	• Raon scileanna éagsúla a chothú ar mhaithe le cumarsáid oscailte, ionraic agus íogair • Cur ar chumas na ndaltaí na tréithe a bhaineann le léirmheastóireacht chuiditheach a aithint • Cuidiú leis na daltaí scileanna féin-mhachnaimh agus féinmheastóireachta a fhorbairt • Cur ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar fhreagairtí pearsanta agus grúpa i leith coinbhleachta • Féachaint ar na torthaí is dóichí ar roinnt de na freagairtí coinbhleachta sin • Scileanna idirbheartaíochta a chothú

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **a gcuid scileanna cumarsáide a bheith níos forbartha**
- **go dtuigfidís go bhféadfadh léirmheastóireacht a bheith cabhrach**
- **go mbeadh scileanna féinmhachnaimh agus féinmheastóireachta cleachta acu**
- **go dtuigfidís cuid de na bealaí ina dtugann daoine agus grúpaí aghaidh ar choinbhleacht**
- **go mbeadh scileanna níos fearr acu chun déileáil le cásanna coinbhleachta.**

SLÁINTE FHISICEACH

Pléann an modúl seo an aclaíocht fhisiceach agus forbairt na bpatrún folláin aclaíochta agus scíthe i saol an aosaigh, i gcomhthéacs na scrúduithe go speisialta. Féachtar ar réim folláin bia freisin agus leagtar béim ar an tábhacht atá le haiste bia cothrom.

Topaic	Aidhmeanna
1. Aclaíocht fhisiceach	• Teacht ar thuiscint ar ról lárnach na haclaíochta fisicí i stíl mhaireachtála folláin
2. Scíth	• Feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar thábhacht na scíthe i saol duine óig • Cuidiú leis na daltaí teicníochtaí a chleachtadh don scíth éirime agus fhisiceach
3. Aiste bia	• Cur ar chumas na ndaltaí a gcuid nósanna itheacháin féin a iniúchadh • Cur ar chumas na ndaltaí gnéithe folláine agus mífholláine a aithint ina gcuid bia, agus pleanáil chun athrú más gá • Iarmhairtí patrúin drochnósanna itheacháin a scrúdú

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go dtuigfidís go mbíonn gá le haclaíocht fhisiceach agus le scíth**
- **go mbeadh teicníochtaí don scíth fhisiceach agus éirime foghlamtha agus cleachta acu**
- **go mbeadh machnamh déanta acu ar a bpatrúin itheacháin**
- **go mbeidís in ann idirdhealú idir patrúin itheacháin atá folláin agus patrúin atá mífholláin**
- **go dtuigfidís céard a tharlaíonn má leanann duine de dhrochphatrún itheacháin.**

CAIRDEAS

Féachann an modúl seo ar ról an chairdis mar bhunús le caidreamh dearfa stuama, le daoine den ghnéas eile go speisialta.

Topaic	Aidhmeanna
1. Cairdeas idir buachaillí agus cailíní	• Féachaint ar thionchar gnéasrólanna ar an gcairdeas • Cuidiú leis na daltaí teacht ar thuiscint gur fiú cairde den dá ghnéas a bheith acu

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar thionchar gnéasrólanna ar an gcairdeas**
- **go n-aithneoidís gur fiú cairde den dá ghnéas a bheith acu.**

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA

Ullmhófar an modúl seo de réir bheartais na scoile i leith an oideachais chaidrimh agus gnéasachta. Tá tuilleadh sonraí tugtha i *Teacher Guidelines for Social, Personal and Health Education.*

Topaic	Aidhmeanna
1. Íomhá choirp	• Deiseanna féinmhachnaimh a sholáthar • Cur ar chumas na ndaltaí na scileanna a chuireann lena bhféinmheas a fhorbairt tuilleadh
2. Cá bhfuil mé anois?	• Féachaint le hathbhreithniú a chur sa siúl ar na céimeanna i bhfás agus i bhforbairt an duine, agus béim ar leith ar an bhfás agus ar an bhforbairt le linn na hógántachta
3. Caidreamh – an ghné atá tábhachtach?	• Cabhrú leis na daltaí na tréithe fiúntacha, dar leo, i gcaidreamh a aithint • Cur ar chumas na ndaltaí scrúdú a dhéanamh ar chuid de na tosaíochtaí i gcaidrimh, faoi mar a léirítear i meáin éagsúla iad
4. Meas, cearta, freagrachtaí	• Cur ar chumas na ndaltaí a gcuid cearta agus a gcuid freagrachtaí i gcaidrimh a aithint • Scileanna a fhorbairt ar mhaithe le cearta a chosaint agus leis an bhfreagracht a chothú sa chaidreamh pearsanta • Feasacht a fhorbairt maidir leis an tábhacht atá le meas i gcaidrimh
5. Coinbhleacht	• Cur ar chumas na ndaltaí na húdair fhéideartha choinbhleachta i gcaidrimh a aithint • Cabhrú leis na daltaí scileanna réitigh choinbhleachta agus scileanna cumarsáide a chur i bhfeidhm sna cásanna sin

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **scileanna cumarsáide agus scileanna a threisíonn an féinmheas a bheith cleachta acu**
- **athbhreithniú a bheith déanta acu ar a dtuiscint ar chéim na hógántachta i bhforbairt agus i bhfás an duine**
- **go n-aithneoidís agus go dtuigfidís a thábhachtaí is atá meas, cearta agus freagrachtaí i gcúrsaí caidrimh**
- **go n-aithneoidís na cúiseanna le coinbhleachtaí sa chaidreamh**
- **go mbeidís ullamh chun déileáil le cásanna coinbhleachta dá leithéid.**

SLÁINTE MHOTHÚCHÁNACH

Ag tógáil ar obair bhliain a dó, beifear ag iarraidh ar dhaltaí sainaithint a dhéanamh ar ionad an struis ina saol féin, agus a aithint go bhféadfadh an iomarca struis a bheith orthu ag amanna agus ag tréimhsí éagsúla ina saol. Críortar straitéisí chun déileáil leis an strus. Déantar obair bhreise ar bhraistintí a láimhseáil agus ar shlite oiriúnacha chun iad a chur in iúl.

Topaic	Aidhmeanna
1. Strus	• Cabhrú leis na daltaí a aithint gur cuid den ghnáthshaol é strus • Cabhrú leis na daltaí torthaí ardleibhéal struis a aithint, iontu féin agus i ndaoine eile • Cur ar chumas na ndaltaí tosca a aithint a d'fhéadfadh an strus a laghdú
2. Braistintí agus mothúcháin	• Cabhrú leis na daltaí réimse braistintí agus mothúchán éagsúla a thuiscint, go háirithe iad siúd atá coitianta le linn na hógántachta • Cothú a dhéanamh ar an bhforbairt scileanna a theastaíonn chun braistintí a chur in iúl

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go dtuigfidís a bhfuil i gceist le strus ina saol**
- **go dtuigfidís iarmhairtí an iomarca struis orthu féin agus ar dhaoine eile**
- **go n-aithneoidís tosca le strus a laghdú**
- **go mbeadh cur amach acu ar réimse braistintí agus taghdanna atá coitianta le linn na hógántachta**
- **go mbeadh forbairt bhreise déanta ar a gcuid scileanna le braistintí a chur in iúl.**

TIONCHAIR AGUS CINNTÍ

Tá béim sa mhodúl seo ar an ngá atá le cinnteoireacht dhearfach: réamhghabháil a dhéanamh maidir le roghanna agus cinntí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear roghanna gairme agus ábhair chomh maith le cinntí faoi chaidrimh agus iompraíocht. B'fhéidir go mbeadh scoileanna áirithe ag iarraidh an modúl a dhéanamh i gcomhar le lucht treorach.

Topaic	Aidhmeanna
1. An dea-chinnteoireacht	• Béim a leagan ar a thábhachtaí is atá sé don dea-chinnteoireacht, go ndéanfaí cásanna áirithe a réamh-ghabháil sula dtarlaíonn siad • Dúshlán a thabhairt do na daltaí a gcuid scileanna cinnteoireachta a chur ag obair ar na cinntí faoi roghanna ábhar scoile nó gairme, faoin Idirbhliain nó faoi roghanna Ardteistiméireachta

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **cíoradh a bheith déanta acu ar an tslí le scileanna cinnteoireachta a chur ag obair agus pleananna á bhforbairt acu dá gcuid breisoideachais agus dá roghanna gairme**
- **go dtuigfidís a thábhachtaí is atá sé breathnú romhat agus tú ag iarraidh dea-chinneadh a dhéanamh.**

ÚSÁID SUBSTAINTÍ

Ní mór do na scoileanna na riachtanais áitiúla a chur san áireamh ina gcuid pleanála don mhodúl seo den OSPS. Is ar úsáid taibléad eacstaise agus ar iarmhairtí na húsáide sin atá príomhfhócas an mhodúil anseo; déantar plé freisin ar nádúr na handúile i gcás drugaí ar nós hearóin.

Topaic	Aidhmeanna
1. Eacstaise – i ndáiríre	• Iniúchadh a dhéanamh, i gcomhar leis na daltaí, ar na hiarmhairtí pearsanta agus sóisialta a ghabhann le táibléid eacstaise a úsáid
2. Hearóin – i ndáiríre	• Iniúchadh a dhéanamh, i gcomhar leis na daltaí, ar na hiarmhairtí pearsanta agus sóisialta a ghabhann le hearóin a úsáid, agus béim ar leith ar ghné na handúile

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeadh tuiscint acu ar na contúirtí pearsanta agus sóisialta a bhaineann le taibléid eacstaise a úsáid**
- **tuiscint a bheith acu ar na contúirtí pearsanta agus sóisialta a ghabhann le hearóin, andúil i ndrugaí san áireamh**
- **go mbeidís in ann an t-eolas agus an tuiscint bhreise atá acu a chur i bhfeidhm ar an gcinnteoireacht maidir le húsáid substaintí.**

SÁBHÁILTEACHT PHEARSANTA

Breathnaítear ar na bunrialacha don tsábháilteacht phearsanta an athuair sa mhodúl seo. Déantar iniúchadh ar an bhforéigean, agus sainaithnítear cásanna a d'fhéadfadh a bheith fíorchontúirteach. Cuirtear gníomhaireachtaí a thugann cúnamh agus tacaíocht i gcásanna éagsúla i láthair na ndaltaí, agus tugtar eolas dóibh faoi na gnásanna teagmhála sa chás go mbeidís ag iarraidh teacht ar na gníomhaireachtaí sin.

Topaic	Aidhmeanna
1. An chontúirt a aithint	• Cur ar chumas na ndaltaí cásanna a aithint ina bhféadfadh a sábháilteacht a bheith i mbaol • Cur ar chumas na ndaltaí féachaint leis na cásanna sin a sheachaint
2. Foréigean	• Cabhrú leis na daltaí a aithint gur bagairt ar an tsábháilteacht phearsanta agus ar shábháilteacht an ghrúpa atá san fhoréigean, agus straitéisí a fhorbairt chun déileáil le cás ina mbeadh baol foréigin
3. Gníomhaireachtaí cabhrach	• Eolas a thabhairt faoi ghníomhaireachtaí cabhrach, agus cabhrú leis na daltaí scileanna a fhorbairt chun leas a bhaint as na gníomhaireachtaí sin de réir mar a oireann

TORTHAÍ

Ag éirí as rannpháirtíocht na ndaltaí sa mhodúl seo, ba cheart:

- **go mbeidís in ann cásanna a aithint ina bhféadfadh a sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaol**
- **go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar iompraíochtaí a chuireann lena sábháilteacht**
- **go n-aithneoidís go bhfuil an foréigean ina bhagairt ar an tsábháilteacht phearsanta agus ar a sábháilteacht mar ghrúpa**
- **cíoradh a bheith déanta acu ar bhealaí chun cásanna a d'fhéadfadh a bheith foréigneach a sheachaint**
- **scileanna a bheith forbartha acu chun cásanna foréigneacha a láimhseáil**
- **eolas a bheith acu ar ghníomhaireachtaí cabhrach agus ar an tslí chun dul i dteagmháil leo.**

NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Nósanna imeachta le Siollabais Náisiúnta a cheapadh

Is iad seo a leanas na baill atá ag Coistí Cúrsaí na CNCM don Teastas Sóisearach:

- Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- Aontas Múinteoirí Éireann
- Comhchoiste na mBainisteoirí
- Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
- Cumann Gairmoideachais in Éirinn
- Cumann an Ábhair
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Cigireacht)

Ullmhaíonn Coistí Cúrsaí na CNCM na siollabais ar bhonn na treorach a chuireann an Chomhairle ar fáil.

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsaí faoi bhráid Chomhairle na CNCM le ceadú. Cuireann an CNCM, tar éis di na moltaí sin a bhreithniú, comhairle dá réir ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó
CNCM, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6617177
Facs: (01) 6617180
Ríomhphost: info@ncca.ie
Láithreán gréasáin: www.ncca.ie

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair
Le ceannach go díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.
Nó bealach ordú poist ó:
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Trádála,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-647 6834/5 Facs: 01-647 6843
Nó ó dhíoltóirí leabhar.
Praghas: €1.90

Arna dhearadh ag Boyd Freeman Design
© 2007 Rialtas na hÉireann